



# **An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal**

**Tuarascáil Bhliantúil 2013**



## Ábhar

Réamhrá	2
Ráiteas Misin	2
Plean Straitéiseach 2011-14	2
Réamhfhocal an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra	3
Feidhmeanna na Comhairle	5
Ballraíocht na Comhairle	6
Coistí na Comhairle, Painéil agus Grúpaí Oibre	7
<i>Coiste Cálíochta agus Sábháilteachta</i>	7
<i>An Coiste um Oideachas agus Caighdeán</i>	8
<i>An Coiste Comhairleach Míochaine</i>	9
<i>An Coiste Seachadta Tosaíochta</i>	10
<i>An Coiste Iniúchóireachta</i>	11
<i>Painéal Achomhairc</i>	11
<i>Painéal Scrúdaitheora</i>	12
<i>Grúpa Cálíochta Scrúdaithe</i>	12
Gníomhaíochtaí na Comhairle i 2013	13
Foireann agus Cairt Eagraíochta CCPRO	15
Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill na Comhairle	17
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	18
Freagracht as an gcóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais	18
Ráitis Airgeadais	20
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	22
Clár Comhardaithe	23
Aguisín 1	30
<i>Sceideal freastail Bhaill na Comhairle</i>	30

## Réamhrá

Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeáin, oideachas agus oiliúint i réimse cúraim éigeandála réamh-ospidéil in Éirinn.

Bhunaigh an tAire Sláinte an Chomhairle mar chomhlacht corpraithe le hIonstraim Reachtúil Uimhir 109 de 2000 (Ordú Bunaithe) a leasaíodh le hIonstraim Reachtúil Uimhir 575 de 2004 (Ordú Leasaithe). Déanadh na hOrdúithe seo faoi Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 mar a leasaíodh agus a tugadh faoi reachtaíocht phríomhúil le hAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007.

Faoi I.R. 109 is féidir le baill na Comhairle, seachas an cathaoirleach, a bheith in oifig ar feadh trí nó ceithre bliana le crannchur ag an gcéad chruinniú den Chomhairle maidir le cé hiad na baill a bheadh ag freastal ar feadh trí bliana agus cé bheadh ag freastal ar feadh ceithre bliana. Ceapann an tAire Sláinte Ballraíocht na Comhairle.

Tá an ceathrú Comhairle ag freastal anois ó mhí Eanáir na bliana seo le ballraíocht de 17 ceapaí, ar bhaill nua cuid acu agus cuid eile athcheaptha. Tá 6 Choiste den Chomhairle, 2 Phainéal agus 2 Ghrúpa Oibre ann.

## Ráiteas Misin

Déanann an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal an pobal a chosaint trí chaighdeáin feabhais a shainiú, a athbhreithniú, cothabháil agus monatóireacht ar chaighdeáin sármhaitheasa do sholáthar cúraim ardchaighdeáin éigeandála réamh-ospidéil do mhuintir na hÉireann.

## Plean Straitéiseach 2011-14

Nascann an Plean Straitéiseach an Ráiteas Misin le feidhmeanna, rialachas agus cuspóirí tacaíochta riaracháin na Comhairle. Tugtar mionsonraí ar na straitéisí ar leith a bhaineann le gach cuspóir ar leith. Tugann an plean straitéiseach treoir agus fócas soiléir agus tá sé ar fáil ar leathanach ár bhfoilseacháin ar ár suíomh gréasáin <http://www.phecit.ie/>.

## Réamhfocal an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra

Tá an-áthas orm féin agus ar an Stiúrthóir, thar ceann na Comhairle, an tuarascáil bhliantúil seo don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2013 a chur i láthair. Tá áthas orainn a thuairisciú go leanfaidh an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal ag feidhmiú sa ról a bhaineann leis an bpobal a chosaint trí shonrú, cur chun cinn agus monatóireacht ar chaighdeán feabhais maidir le cúram práinne réamh-ospidéal ar ardchaighdeán a sholáthar don phobal don todhchaí.

Leanfaidh an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal ag feidhmiú ina ról reatha, in ainneoin neamhchinnteacht na mblianta roimhe seo, a bhaineann leis an bpobal a chosaint trí shonrú, cur chun cinn agus monatóireacht ar chaighdeán feabhais maidir le cúram práinne réamh-ospidéal ar ardchaighdeán a sholáthar don phobal don todhchaí.

Bhíomar gnóthach i rith na bliana agus baineadh a lán amach leis an gComhairle ag glacadh le téarmaíocht nua rialála maidir le Dintiúireacht, Ceadúnú agus Pribhléid gach cleachtóir agus soláthróir seirbhíse. Creidimid go raibh sé tábhachtach soiléiriú a dhéanamh ar an téarmaíocht rialála a úsáideadh, toisc go n-úsáidtear cuid de na téarmaí go hidir-mhalartach ag brath ar láthair, suíomh an chúraim sláinte, nó an ghairm a bheadh i gceist. De bharr an athraithe téarmaíochta seo rinne an Chomhairle athbhreithniú agus faomhadh ar na rialacha do sholáthróirí faofa seirbhíse CPG.

I gcaitheamh na bliana scrúdaigh an Chomhairle freisin an t-aistriú chuig an gclár oiliúna leibhéal pharaimhíochaineora ón múnla oiliúna gairmiúil reatha chuig múnla ardoideachais (cláir BSc). Rinneamar faomhadh ar iarthéacs le rialacha na Comhairle d'fhonn freastal ar iarratas ó institiúid ardleibhéal clár cleachtóra a sholáthar am éigin sa todhchaí agus rinneamar tuilleadh dul chun cinn ar an gceist seo i 2014.

Ceann d'fheidhmeanna na Comhairle is ea scrúduithe a chur ar siúl as a mbronntar Cáilíocht Náisiúnta i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála (NQEMT) ag 3 leibhéal agus ní mór d'iarrthóirí scrúdaithe ar mhian leo an scrúdú NQEMT a dhéanamh an cúrsa iomchuí a chríochnú ar dtús in institiúid aitheanta CCPRO. Déantar gach iarracht a chinntiú go mbíonn an próiseas scrúdaithe bailí agus iontaofa agus chuige sin fuaireamar deimhniú i mbliana ar ár bpróiseas trí chomhfheagras ó Oifig an Ombudsman ag seasamh leis an gcinneadh maidir leis an scrúdú.

I 2013 freisin tugadh isteach an chéad chúrsa Inniúlachta Leanúnach Gairmiúil (ILG) do chleachtóirí ag leibhéal EMT. Tá gairmithe sláinte rialaithe, ar a n-áirítear gairmithe altranais, míochaine agus cógaisíochta, tar éis córais Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a fhorbairt cheana féin. Is gá dúinn an tuinseamh seo a choimeád agus tuilleadh feabhais a chur ar fhorbairt an chleachtóra réamhospidéal le ceadú don ghairm forbairt i gcomhar le gairmeacha eile cúraim sláinte. Tosaíodh ar CPC i mí na Samhna agus tosófar ar CPC ar leibhéal Pharaimhíochaineora ag agus Ard-Pharaimhíochaineora i 2014 i ndiaidh phróisis chomhairliúcháin náisiúnta.


Mar chríoch ar 2013 tá an-áthas ar an gComhairle an obair chomhoibríoch a déanadh leis an gClár Náisiúnta Iompair Mhíochaine (NTMP) a fhógairt. Trí obair an NTMP déanadh an tSeirbhís Náisiúnta Aisghabhála a fhorbairt ó sheirbhís i rith an lae, 7 lá na seachtaine, go seirbhís 24/7.

Le deich mbliana anuas rinne Ospidéal an Rotunda, an Choim, agus an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais an tSeirbhís Náisiúnta Aisghabhála a sholáthar. Tá méadú na seirbhíse ina dhul chun cinn ollmhór agus tá Éire anois ag teacht le dea-chleachtas idirnáisiúnta i ndlínsí eile mar an RA, Meiriceá Thuaidh agus an Astráil.


Tá an Chomhairle agus an feidhmeannas an-bhuíoch de na coistí saineolaithe a chlúdaigh réimsí mar chleachtas cliniciúil, caighdeáin, clárú agus scrúduithe a bhí chomh flaithiúil lena gcuid ama agus a dtacaíocht don Chomhairle inár misean agus ár bhfís go bhfaigheadh muintir na hÉireann an cúram práinne réamh-ospidéal is oiriúnaí agus is sábháilte.

Gabhaimid buíochas freisin le croífhoireann dílis oifige an CCPRO a mbíonn ardchaighdeán gairmiúlachta agus éifeacht ag baint lena gcuid oibre i gcónaí maidir le héascú a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach na Comhairle agus na gCoistí éagsúla.

Mar is gnách táimid thar a bheith buíoch den spéis a léirigh an tAire agus a Roinn inár gcuid oibre agus as a dtacaíocht leanúnach agus a gcuid ama.



Tom Mooney, Cathaoirleach na Comhairle



An Dr Geoff King, Stiúrthóir an CCPRO

10ú Iúil 2014

## Feidhmeanna na Comhairle

Tháinig an Chomhairle le chéile 9 n-uaire i rith 2013. Tá baill na Comhairle ag freastal ar Choistí na Comhairle freisin. Le féachaint ar fhreastal ar an gComhairle féach Aguisín 1.

Tá 6 Choiste ag an gComhairle:

- Oideachas agus Caighdeán
- Cáilíocht agus Sábháilteacht
- Comhairleach Mhíochaine
- Seachadadh Tosaíochta
- Oiriúnacht chun Cleachtadh
- Iniúchadh

Ina theannta sin tá na Grúpaí Oibre agus na Painéil seo a leanas ag an gComhairle:

- Grúpa Cáilíochta Scrúdaithe
- Grúpa Scríofa Míre Tástála
- Painéal Achomhairc
- Painéal Scrúdaitheora

Is iad príomhfheidhmeanna an CCPRO ná:

- *A chinntiú go dtagann institiúidí oiliúna agus ábhar na gcúrsaí i gCéad Fhreagairt agus i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála leis an gcleachtas is fearr atá anois ann*
- *A chinntiú go mbaineann Freagróirí agus Cleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal inniúlacht amach agus go gcoimeádtar í ar an gcaighdeán iomchuí feidhmíochta*
- *Ullmhú agus cur chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte cleachtais chliniciúil i gcúram éigeandála réamh-ospidéal*
- *Taighde iomchuí a aimsiú, a urrú agus a chur chun cinn chun treoracha na Comhairle a stiúradh agus chun cúram éigeandála réamh-ospidéal a fhorbairt in Éirinn*
- *Caighdeán oibríochta a ullmhú do sholáthróirí cúraim práinne réamh-ospidéal chun tacú leis an gcleachtas is fearr*
- *Clár de chleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal a bhunú agus a choimeád*
- *Na soláthróirí cúraim práinne réamh-ospidéal sin a thugann faoi na treoirlínte cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm a aithint.*

# Ballraíocht na Comhairle

## Ballraíocht ar an 31ú Nollaig 2013

Níl níos mó ná seacht mball déag ar an gComhairle a cheapann an tAire:

Ainm	Cóimheas Ballraíochta
Tom Mooney	Cathaoirleach, ionadaí sainspéise nó saineolais i gcúram réamh-ospidéal
Michael Dineen	Leasathaoirleach agus ionadaí paraimíochaine fhormhór na gcleachtóirí
Shane Mooney	Ard-pharaimhíochaineoir, ainmniúchán ceardchumainn agus ionadaí chleachtóirí réamh-ospidéal
Tom Tinnelly	Ard-pharaimhíochaineoir, ainmniúchán ceardchumainn agus ionadaí chleachtóirí
David Maher	Ard-pharaimhíochaineoir, ainmniúchán ceardchumainn agus ionadaí chleachtóirí
Robert Kidd	Ainmniúchán institiúide aitheanta – NASC/UCD
Stephen Brady	Ainmniúchán institiúide aitheanta – DFB/RCSI
Barry O'Brien	Ionadaí bainistíochta an FSS
Robert Morton	Ionadaí bainistíochta an FSS
/Martin Dunne*	
Cathal O' Donnell	Ionadaí bainistíochta an FSS
Patrick Plunkett	Ionadaí chleachtóirí míochaine le saineolas i gcúram práinne réamh-ospidéal
Mick Molloy	Ionadaí chleachtóirí míochaine le saineolas i gcúram práinne réamh-ospidéal
Hugh Doran	Ionadaí chleachtóirí míochaine le saineolas i gcúram práinne réamh-ospidéal
Valerie Small	Ardchleachtóir altranais agus ionadaí altranais le sainspéis i gcúram réamh-ospidéal
Michael Brennan	Ionadaí leasa an phobail
Glenna Woods	Altra agus oifigeach athbheochana mar ionadaí ar dhaoine le sainleas nó saineolas i gcúram réamh-ospidéal
Thomas Keane	Paraimhíochaineoir agus ionadaí ar dhaoine le sainleas nó saineolas i gcúram réamh-ospidéal

\*Nóta: Tháinig Robert Morton i gcomharbacht ar Martin Dunne ar an 26ú Samhain 2013



## Coistí na Comhairle, Painéil agus Grúpaí Oibre

Tugann a Coistí, a Painéil agus a Grúpaí Oibre cúnaimh agus comhairle don Chomhairle agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna reachtúla.

## Coiste Cáilíochta agus Sábháilteachta

Tháinig an Coiste Cáilíochta agus Sábháilteachta in ionad bhuanchoiste na Comhairle roimhe seo, an Coiste um Chúram Cliniciúil, agus bhí a gcéad chruinniú acu i nDeireadh Fómhair 2013. Sonraíonn na téarmaí tagartha go ndéanadh an coiste moltaí don Chomhairle ar cheisteanna polasaí a bhaineann le, ach nach mbíonn teoranta do, chritéir chlárúcháin, caomhnú inniúlachta chleachtóirí agus creat cleachtais, caighdeán faisnéise agus creat um iniúchadh cliniciúil agus faomhadh soláthróra seirbhíse le treoirlínte cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm (TCCanna)

## Ballraíocht ar an 31ú Nollaig 2013

Ainm	Cóimheas Ballraíochta
Shane Mooney	Cathaoirleach, ball den Chomhairle agus ard-pharaimhíochaineoir
Tom Mooney	Cathaoirleach na Comhairle
Valerie Small	Cathaoirleach an Choiste um Oideachas agus Chaighdeán, ball den Chomhairle agus ardhleachtóir altranais cláraithe
Michael Molloy	Cathaoirleach an Choiste Comhairleach Míochaine agus ball den Chomhairle
Michael Dineen	Leaschathaoirleach na Comhairle agus paraimhíochaineoir
Thomas Keane	Ionadaí na Comhairle agus paraimhíochaineoir
David Maher	Ionadaí na Comhairle agus paraimhíochaineoir
Thomas Tinnelly	Ionadaí na Comhairle agus paraimhíochaineoir
Katrina Mullally	Ionadaí ó Sheirbhís Náisiúnta Otharcharranna (SNO) an FSS
Derek Nolan	Ionadaí ó Chosaint Shibhialta agus ard-pharaimhíochaineoir
Martin O' Reilly	Ionadaí ó DFB/RCSI agus ard-pharaimhíochaineoir
Brigid Sinnott	Ionadaí ó eagraíocht neamhrialtasach (ENR) le fócas pobail
Anthony Corcoran	Ionadaí Óglaigh na hÉireann
Ricky Treacy	Ionadaí ó Otharsheirbhís Naomh Eoin
Brigid Doherty	Ionadaí na n-othar
Gregory Lyons	Ionadaí ó Chumann Croise Deirge na hÉireann agus teicneoir míochaine éigeandála
Ian Brennan	Ionadaí ó Ord Mhálta agus ard-pharaimhíochaineoir

Ionadaí breathnadóireachta ón CGP faofa ag Soláthróirí Seirbhíse Otharcharranna Príobháideacha ar bhonn rothlaithe

## An Coiste um Oideachas agus Caighdeán

Tháinig an Coiste um Oideachas agus Caighdeán in ionad bhuanchoiste na Comhairle roimhe seo, is é sin an Coiste Creidiúnaithe, agus bhí a gcéad chruinniú acu i nDeireadh Fómhair 2013. Sonraíonn na téarmaí tagartha go ndéanfaidh an coiste moltaí don Chomhairle ar cheisteanna polasaí a bhaineann le, ach nach mbíonn teoranta do, oideachas agus caighdeán, aitheantas institiúidí, aitheantas ar chomhionannas cháilíochtaí profisiúnta a fuarthas ó institiúidí laistigh agus lasmuigh den stát agus cothabháil agus monatóireacht ar institiúidí.

### Ballraíocht ar an 31ú Nollaig 2013

Ainm	Cóimheas Ballraíochta
Valerie Small	Cathaoirleach, ball den Chomhairle agus ardchleachtóir altranais cláraithe
Tom Mooney	Cathaoirleach na Comhairle
An Dr Mick Molloy	Cathaoirleach an Choiste Comhairleach Míochaine agus ball den Chomhairle
Michael Dineen	Leaschathaoirleach na Comhairle agus paraimhíochaineoir
Shane Mooney	Cathaoirleach an Choiste Cáilíochta agus Sábháilteachta, ball den chomhairle agus ard-pharaimhíochaineoir
Stephen McMahon	Ionadaí na n-othar
Sarah Cain	Ionadaí ó eagraíocht neamhrialtasach le fócas pobail
Glenna Woods	Ball den Chomhairle agus altra cláraithe
Martin McNamara	Saineolaí ar oideachas oiliúna altraí ar tugadh cuireadh dó
Maeve Donnelly	Saineolaí in oideachas aosach ar tugadh cuireadh di
Thomas Keane	Ball den Chomhairle agus paraimhíochaineoir
Shane Knox	Ionadaí ag leibhéal éascaitheora ó institiúid aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ard-pharaimhíochaine agus ard-pharaimhíochaineoir
Roisin McGuire	Ionadaí ag leibhéal Éascaitheora ón gcomhchoiste seirbhíse deonach otharcharranna, príomhoide an Choláiste Cosanta Sibhialta agus paraimhíochaineoir
Raymond Lacey	Ionadaí ag leibhéal teagascóra ó Choláiste Pharaimhíochaineoirí na hÉireann agus ard-pharaimhíochaineoir
Paul Lambert	Ionadaí ó institiúid aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ard-pharaimhíochaine agus ard-pharaimhíochaineoir
David Maher	Ball den Chomhairle agus paraimhíochaineoir
Brian Bruno	Ionadaí ag leibhéal teagascóra ó institiúid aitheanta a sholáthraíonn oiliúint pharaimhíochaine
Ionadaí breathnadóireachta ón CGP faofa ag Soláthróirí Seirbhíse Otharcharranna Príobháideacha ar bhonn rothlaithe	

## An Coiste Comhairleach Míochaine

D'athraigh buanchoiste na Comhairle roimhe seo, an Grúpa Comhairleach Míochaine (GCM) a theideal go dtí an Coiste Comhairleach Míochaine (CCM) faoin gComhairle nua lena léiriú gur bhuanchoiste iomlán den Chomhairle é. Bhí a gcéad chruinniú ag GCM i Meitheamh 2013. Is coiste saineolaithe atá i GCM a fhéachann ar cheisteanna cliniciúla a chuireann an Chomhairle, an Coiste Cáilíochta agus Sábháilteachta nó an Coiste um Oideachas agus Caighdeáin faoina mbráid.

### Ballraíocht ar an 31ú Nollaig 2013

Ainm	Cóimheas Ballraíochta
Mick Molloy	Cathaoirleach
Niamh Collins	Leaschathaoirleach agus ainmní Chláir Míochaine Éigeandála an FSS
Seamus Clarke	Ainmnithe ag Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann
Neil Reddy	Liachleachtóir le spéis i gcúram réamh-ospidéal
Seamus McAllister	Ainmnithe Ag Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann (SOTÉ)
Conor Deasy	Leas-Stiúrthóir liachta seirbhíse reachtúla otharcharranna
Michael Dineen	Leaschathaoirleach na Comhairle agus paraimhíochaineoir
Dave Hennelly	Ard-pharaimhíochaineoir le spéis i gcúram réamh-ospidéal
Macartan Hughes	Ionadaí, ag leibhéal teagascóra nó éascaitheora, institiúidí aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ag leibhéal ard-pharaimhíochaineora (NASC)
David Irwin	Paraimhíochaineoir agus ionadaí ó Choláiste Pharaimhíochaineoirí na hÉireann
Thomas Keane	Ball den Chomhairle agus paraimhíochaineoir
Shane Knox	Ionadaí NASC agus ard-pharaimhíochaineoir
Declan Lonergan	Ard-pharaimhíochaineoir agus ionadaí ag leibhéal teagascóra nó éascaitheora institiúide aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ag leibhéal paraimhíochaineora (NAS)
Joseph Mooney	Ionadaí na dteicneoirí míochaine éigeandála ar chlár an CCPRO
Shane Mooney	Ard- paraimhíochaineoir agus Cathaoirleach an Choiste Cáilíochta agus Sábháilteachta
David O'Connor	Ionadaí ard-pharaimhíochaineora ó chlár an CCPRO
Kenneth O'Dwyer	Ionadaí ard-pharaimhíochaineora ó chlár an CCPRO
Martin O' Reilly	Ard-pharaimhíochaineoir agus ionadaí ag leibhéal teagascóra nó éascaitheora institiúide aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ag leibhéal paraimhíochaineora (DFB)
Rory Prevett	Ionadaí pharaimhíochaineora ó chlár an CCPRO
Derek Rooney	Ionadaí pharaimhíochaineora ó chlár an CCPRO

Jack Collins	Ionadaí na dteicneoirí míochaine éigeandála ó chlár an CCPRO
Cathal O' Donnell	Stiúrthóir liachta seirbhíse reachtúla otharcharranna
Valerie Small	Ardchleachtóir altranais, ionadaí na nAltraí Liachta Éigeandála agus Cathaoirleach an Choiste um Oideachas agus Caighdeán
Tom Mooney	Cathaoirleach na Comhairle
Stephen Cusack	Comhairleach acadúil um Leigheas Éigeandála
Peter O'Connor	Stiúrthóir liachta seirbhíse reachtúla otharcharranna (DFB/RCSI)
David Menzies	Comhairleoir Leighis Éigeandála ainmnithe ag Cumann Leighis Éigeandála na hÉireann
Gerald Kerr	Stiúrthóir Chóir Liachta an Airm
David McManus	Ionadaí ó Sheirbhís Otharcharr Thuaisceart Éireann
Gerard Bury	Liachleachtóir cláraithe le spéis i gcúram práinne réamh-ospidéal
Seán Walsh	Comhairleach um Míochaine Éigeandála Péidiatraice

## An Coiste Seachadta Tosaíochta

Is Buanchoiste den Chomhairle é an Coiste Seachadta Tosaíochta. Déantar faomhadh ar bhallraíocht an Choiste Seachadta Tosaíochta le teacht lena ról mar shainghrúpa le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le ceisteanna seachadta tosaíochta.

### Ballraíocht ar an 31ú Nollaig 2013

Ainm	Cóimheas Ballraíochta
Geoff King	Stiúrthóir CCPRO
Cathal O' Donnell	Stiúrthóir Liachta sheirbhíse náisiúnta otharcharranna FSS (NAS)
Conor Deasy	Leas-stiúrthóir Liachta an FSS NAS
Michael Delaney	Bainisteoir rialaithe FSS NAS, sainspéis in AMPDS
Dawn Stephenson	Oifigeach Oilíúna agus dearbhaithe inniúlachta an FSS NAS, sainspéis in AMPDS
Patrick Mooney	Bainisteoir rialaithe FSS NAS, sainspéis in AMPDS
Brian O'Connor	Tógálaí glaonna/riarthóir ón FSS NAS
An Dr Peter O'Connor	Stiúrthóir Liachta Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath (DFB)
Mr John Moody	DFB, sainspéis in AMPDS
Niall Murray	Tógálaí glaonna/riarthóir ó DFB
Martin O' Reilly	Oifigeach DFB, sainspéis in AMPDS

Mark Doyle	Liachleachtóir ospidéal le sainspéis i seachadadh tosaíochta
Mick Molloy	Cathaoirleach An Coiste Comhairleach Míochaine
Brian Power	Oifigeach Forbartha Chlár CCÉRO

## An Coiste Iniúcháireachta

Is coiste de chuid na Comhairle atá sa choiste iniúcháireachta a thuiriscíonn ar cheisteanna mar leorgacht nádúir, fairsinge agus éifeacht na gcóras cuntasáochta agus rialaithe inmheánach, ach nach bhfuil teoranta dó sin, a dhéanann athbhreithniú ar sholáthar maidir le rialachas corparáideach, bainistíocht riosca, maoirseacht airgeadais agus sceithirí.

## Ballraíocht ar an 31ú Nollaig 2013

Ainm	Cóimheas Ballraíochta
Con Foley	Cathaoirleach, ball seachtrach atá cáilithe i gcuntasaíocht agus iniúcháireacht
Dermot Magan	Saineolaí airgeadais le taithí san earnáil sláinte poiblí
Stephen Brady	Ball den Chomhairle
Michael Brennan	Ball den Chomhairle
Brain Power	Ball d'fhoireann an CCPRO

## Painéal Achomhairc

Ceapann an Chomhairle an painéal achomhairc le féachaint ar achomhairc agus ar chinntí an Stiúrthóra agus breithniú a dheánamh ar na hachomhairc sin.

## Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2013

Ainm	Cóimheas Ballraíochta
Valerie Small	Cathaoirleach, Ball den Chomhairle
Stephen McMahon	Ionadaí na n-othar
Brigid Sinnott	Ionadaí ghrúpa pobail
Michael Dineen	Ball den Chomhairle
Pat Sheridan	Ionadaí ó ghrúpa deonach

## Painéal Scrúdaitheora

Sonraítear sna téarmaí tagartha go ndéanfaidh painéal scrúdaitheoirí measúnú ar iarrthóir ag scrúduithe NQEMT. Deánann comhlacht ionadaíochta míochaine, altranais nó oiliúna an bhallraíocht a ainmniú; soláthróir sheirbhíse chúraim phráinne réamh-ospidéal faofa ag CPG nó ag institiúid aitheanta. Ní mór do bhaill oiliúint scrúdaitheora PHECC a chríochnú agus ceardlanna athnuachana de réir mar a cheaptar a bheith riachtanach.

Tá 108 ball gníomhach ar an bpainéal. Tá mionsonraí ar fáil ar <http://www.phecit.ie/>

## Grúpa Cáilíochta Scrúdaithe

D'fhonn a léiriú nár bhuanchoiste iomlán den Chomhairle an coiste um scrúdú cáilíochta athraíodh an t-ainm go dtí An Grúpa Cáilíochta Scrúdaithe faoin gComhairle Nua. Tá sé mar chritéar don ghrúpa cáilíochta scrúdaithe go gcaithfidh baill a bheith ar phainéal scrúdaithe an CCÉRO. Socraíonn téarmaí tagartha an ghrúpa comhábhar scrúdaithe ar a n-áirítear ábhar in éineacht le critéir scrúdaitheora, oiliúint agus feidhmíocht.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2013

Ainm	Cóimheas Ballraíochta
Jacqueline Egan	Cathaoirleach, Oifigeach Forbartha Chlár CCÉRO
Brian Power	Oifigeach Forbartha Chlár CCÉRO
Julie Woods	Scrúdaitheoir CCÉRO
Ray Carney	Scrúdaitheoir CCÉRO
Ricky Ellis	Scrúdaitheoir CCÉRO
Michael Garry	Scrúdaitheoir CCÉRO
Ben Heron	Scrúdaitheoir CCÉRO
Lawrence Kenna	Scrúdaitheoir CCÉRO
Shane Knox	Scrúdaitheoir CCÉRO
Paul Lambert	Scrúdaitheoir CCÉRO
David Sherwin	Scrúdaitheoir CCÉRO
Rod Tobin	Scrúdaitheoir CCÉRO
Mark Wilson	Scrúdaitheoir CCÉRO

# Gníomhaíochtaí na Comhairle i 2013

## Ráitis ar phríomhghníomhaíochtaí:

### Rialachas:

- Inshealbhú a dhéanamh ar bhaill an 4ú Comhairle maidir le Feidhmeanna na Comhairle, Rialachas, Coistí agus próisis.
- Soláthar teicneolaíochta cliste oiriúnach le tacú le feidhm na comhairle
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhallraíocht agus téarmaí tagartha na Comhairle, Choistí, Phainéil agus Ghrúpaí Oibre.

### Oideachas agus Caighdeán:

- Faomhadh ar chaighdeán garchabhrach le héascú a dhéanamh ar chúram éigeandála i gcúinsí neamh-ghairme.
- Faomhadh ar chaighdeán cúraim éigeandála i gcúinsí géara agus ospidéal.
- Cabhrú le forbairt rialachán ag rialú na soilse agus na mbonnán a úsáideann otharcharranna éigeandála.

### Clár CCPRO

- Cuireadh an chéad shraith den Inniúlacht Ghairmiúil Leanúnach do EMTanna i bhfeidhm le tacú leis an gClár.
- Glacadh le téarmaíocht nua rialála EMS maidir le Dintiúireacht, Ceadúnú Pribhléid do gach cleachtóir agus soláthróir seirbhíse.

### Scrúdú agus Teastasú

- Leanúint le scrúduithe a fhorbairt d'institiúidí aitheanta.
- Leanúint le forbairt agus cur chun cinn na dtionscnamh ríomhfhoghlama.
- Teagmháil a dhéanamh le hollscoileanna le héascú a dhéanamh ar aistriú oiliúna pharaimhíochaineora agus ard-pharaimhíochaineora chuig an earnáil treasach.

### Treoirínte um Chleachtas Cliniciúil

- Faomhadh agus tosú ar fhorfheidhmiú 'Cóireáil agus Tagair' TCCanna le rogha a cheadú do Pharaimhíochaineoirí maidir le hothair oiriúnacha seachas iad a aistriú chuig Rannóga Éigeandála.
- Ionchroprú a dhéanamh ar fhaomhadh TCC agus athnuachan ar chlárú chleachtóra sa chreat ceadúnaithe, dintiúireachta agus pribhléidithe.
- Forbairt ar réiteach cliste leictreonach do chleachtóirí agus do fhreagróirí le rochtain a fháil ar TCCanna agus ábhar tacaíochta.
- Forbairt a dhéanamh ar Chaighdeán Seachadta Idirshaoráide le tacú le forfheidhmiú Prótacal 37 AMPDS. Critéir imlonnaithe ard-pharaimhíochaineora do Chaighdeán Seachadta Tosaíochta.
- Critéir d'implonnu Céad Fhreagróirí Cairdiacha nuashonraithe le teacht le guaiseacha, tráma agus ceisteanna a thiocthadh i gceist dóibh mar fhreagróirí.

### Céad Fhreagróirí agus Comh-fhreagróirí

- Réiteach cliste leictreonach a chur i bhfeidhm d'implonnu agus do bhailiú faisnéise ag Céad agus comh-Fhreagróirí.

### **Taighde i gCúram Práinne Réamh-Ospidéal**

- Forbairt a dhéanamh ar thacar Táscairí Feidhmíochta do Chúram Práinne Otharcharr ar bhonn fianaise agus comhthola.

### **Trasteorann**

- Meicníochtaí a fhorbairt i gcomhar le Seirbhís Otharcharr Thuaisceart Éireann (NIAS) agus Comhairle na nGairmithe Sláinte (RA) le héascú a dhéanamh ar chleachtas trasteorann i gcásanna éigeandála agus pleanáilte.

### **An tSeirbhís Náisiúnta Aisghabhála**

- Seirbhís Náisiúnta Aisghabhála a chur i bhfeidhm ag ionchorprú Nua-naíonna, Péidiatraic agus daoine fásta.




## Foireann agus Cairt Eagraíochta CCPRO

Anne Keogh	Oifigeach Cléireachais Clárúcháin & Fáiltithe
Barry O’Sullivan	Leas-Stiúrthóir & Cláraitheoir
Brian Power	Oifigeach Forbartha Cláir
Claire Finn	Oifigeach Clárúcháin
Deirdre Borland	Oifigeach Tacaíochta Forbartha Cláir
An Dr. Geoff King	Stiúrthóir
Jacqueline Egan	Oifigeach Forbartha Cláir
John Lally	Oifigeach Tacaíochta TFC & Riaracháin
Liz Dempsey	Oifigeach Scrúduithe
Margaret Feeney	Oifigeach Cléireachais Scrúduithe & Fáiltithe
Marian Spence	Rúnaí na Comhairle & Oifigeach Tacaíochta Creidiúnaithe
Pauline Dempsey	Oifigeach Forbartha Cláir
Sylvia O’Mahony	Oifigeach Tacaíochta Airgeadais & Seirbhísí Corparáideacha

### PHECC Organisational Chart

Director – Dr Geoff King





## **An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal**

### **RÁITIS AIRGEADAIS**

**don**

**Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013**

## Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

---

### Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill na Comhairle

Éilíonn Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 ar an gComhairle ráitis airgidis, a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann fíorléiriú cothrom ar chúraimí na Comhairle agus ar a hioncaim agus a caiteachas don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar an gComhairle:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasamhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- cloí leis na Caighdeáin ábhartha Cuntasáochta, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura mbíonn sé míchuí a thiomhdiú go leanfar le feidhmiú na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal.

Tá freagracht ar an gComhairle cuntais chearta cuntasáochta a choimeád, a nochtann staid airgeadais na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal le cruinneas réasúnta ag am ar bith, agus a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais don Ordú. Tá freagracht uirthi freisin maidir le cosaint shóchmhainní na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le cosc agus le brath calaoise agus mírialtachtaí eile.

### Thar ceann na Comhairle



---

Cathaoirleach  
10ú Iúil 2014



---

Ball den Chomhairle

# An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

---

### Freagracht as an gcóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais

Aithnímid, thar ceann na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCPRO), ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais.

Tá freagracht ar an CCPRO tríd an Stiúrthóir as monatóireacht a dhéanamh ar rialú inmheánach agus dearbhuithe a sholáthar don Chomhairle.

Tá córas rialaithe inmheánach deartha chun laghdú seachas díothú riosca. Ní féidir lena leithéid de chóras ach dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go stoptar dearmaid nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil.


#### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Seo a leanas cur síos ar na príomhphróisis atá curtha ann ag an CCPRO chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar:

1. Tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an CCPRO le línte dearfa cuntasachta, freagrachta agus tuarascála;
2. Tá an córas rialaithe inmheánach airgeadais sa CCPRO doiciméadaithe i mapaí próisis sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta (CBC).
3. Tá nósanna imeachta bunaithe ag an CCPRO maidir le leithscaradh dualgas agus údarú caiteachais;
4. Oibríonn an CCPRO Córas Airgeadais TAS agus SAGE chun éascú a dhéanamh ar chleachtas cuntasáochta airgeadais agus mionrian iniúchta a sholáthar ar gach idirbheart;
5. Déantar monatóireacht ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht mhíosúil i gcomparáid leis an bplean gnó. Cuirtear na tuairiscí faoi bhráid an Stiúrthóra chun meastóireachta agus gníomhaíochta iomchuí;
6. Ullmhaítear tuairisc mhíosúil ar an staid airgeadais don Roinn Sláinte agus cuirtear faoi bhráid na Roinne í. Tá Coiste Iniúcháireachta ann agus tháinig sé le chéile dhá uair i rith na bliana.


7. Ceapadh an Stiúrthóir reatha i 2001. I é atá ina luach saothair ná buntuarastal de €97,194 agus íocaíocht Stiúrthóra Liachta de €16,340. Rinne an Chomhairle faomhadh ar íocaíocht an Stiúrthóra Liachta ach níl ceadú faighte fós ón Aire faoi mar a éilítear faoi IR 109/2000. I Márta 2013 chuir an Roinn Sláinte cás gnó faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe á mholadh go gcoimeádfai an liúntas agus táthar ag feitheamh ar chinneadh.
8. Déantar an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánach a eolasú le tuairisc an Choiste Iniúcháireachta, le hobair an Iniúcháora Inmheánaigh, na mBainisteoirí Feidhmiúcháin inár gComhairle a bhfuil freagracht orthu maidir le forbairt agus cothabháil na frámaíochta rialaithe airgeadais, agus le moltaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le linn iniúchta nó ina litreacha bainistíochta agus an Fhrámaíocht Riosca agus an Clár Riosca araon.
9. Coimeádtar Baill na Comhairle ar an eolas maidir le ceisteanna airgeadais, rialaithe agus rialachais ghinearálta chorparáideacha trí chruinnithe na Comhairle a bhíonn ar siúl ar bhonn rialta.
10. Rinne gnólacht seachtrach Cuntasóirí athbhreithniú foirmeálta ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh i rith 2013.
11. Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais do 2013.

#### Thar ceann na Comhairle



---

Cathaoirleach



---

Stiúrthóir

10ú Iúil 2014

# An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal

## Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

---

### Réamhrá

Bhunaigh an tAire Sláinte an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal faoi Ionstraim Reachtúil Uimhir 109 de 2000, Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 agus leasaíodh í le hIonstraim Reachtúil Uimhir 575 de 2004 trí Ordú (Leasú) 2004. Déanadh na hOrduithe seo faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 mar a leasaíodh agus faoin Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007.

### Bonn Cuntasaíochta Ghnóthais Leantaigh

D'fhógair an Rialtas i mBuiséad Deireadh Fómhair 2008, go raibh sé i gceist aige an Chomhairle a chomhchuimsiú i gComhairle na nGairmiúlach um Chúram Sláinte agus Sóisialta. Éileoidh a leithéid d'athrú leasú reachtúil, agus idir an dá linn níl aon bheart ann le leasú a dhéanamh ar fheidhmeanna na Comhairle agus tá sé réasúnta a cheapadh go leanfar dá gníomhaíochtaí reatha. Ní dóigh leis an gComhairle gur gá aon choigeartú ar na ráitis airgeadais leis an gcomhchuimsiú atá molta a léiriú agus tá na ráitis airgeadais ullmhaithe aici dá bhrí sin ar bhonn gnóthais leantaigh.

### Is iad príomhfheidhmeanna na Comhairle ná:

1. A chinntiú go dtagann Institiúidí Oiliúna agus ábhar na gcúrsaí i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála leis an gcleachtas is fearr atá anois ann.
2. A chinntiú go mbaineann soláthróirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal inniúlacht amach agus go gcoimeádtar í ar an gcaighdeán iomchuí feidhmíochta.
3. Treoirínte cleachtais chliniciúil a ullmhú do chúram práinne réamh-ospidéal.
4. Taighde iomchuí a aimsiú agus a urrú chun teoracha na Comhairle a stiúradh agus chun cúram réamh-ospidéal a fhorbairt.
5. Caighdeán oibríochta a ullmhú do sholáthróirí cúraim práinne réamh-ospidéal chun tacú leis an gcleachtas is fearr.
6. Clár de chleachtóirí cúraim práinne réamh-ospidéal a bhunú agus a choimeád.
7. Na soláthróirí cúraim práinne réamh-ospidéal sin a thugann faoi na treoirínte cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm a aithint.

## **Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta**

### **(1) Coinbhinsiún Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe faoin gcoinbhinsiún stairiúil costais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo, ach mar atá léirithe thíos.

### **(2) Ioncam agus Caiteachas**

Déileáiltear leis an leithdháileadh neamhchaipitil ón Roinn Sláinte tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Aistrítear aon chuid den leithdháileadh seo a chuirtear i bhfeidhm chun críche caipitil agus a gcuirtear le sócmhainní seasta dá bharr chuig an gCuntas Ciste Caipitil. Tugtar cuntas ar ioncam eile ar bhonn fáltas.

Nuair a úsáitear cuid den leithdháileadh neamhchaipitil chun cistiú a dhéanamh ar thionscadail, a fhaigheann leithdháilte caipitil freisin, tógtar an chuid a bhaineann le cistiú neamhchaipitil chuig an gCuntas Ioncaim Caipitil agus Caiteachais.

Níl Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitil á chur i láthair mar níorbh ann d'aon chaiteachas caipitil ná aon leithdháilte gaolmhar ón Roinn Sláinte i mbliana ná sa bhliain roimhe seo.

Lasmuigh de Dhímheas ar Shócmhainní Seasta agus Amúchadh a ndéantar déileáil leis tríd an gCuntas Ciste Caipitil, áiríodh gach brabús nó cailteanas aitheanta le teacht ar bhreis an chaiteachais ar ioncam don bhliain.

### **(3) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

Gearrtar dímheas bliana iomlán sa bhliain ceannaithe. Luaitear gach Sócmhainn Sheasta a fhaightear, is cuma cad is foinse don chistiúchán ar chostas lúide dímheas. Ní ghearrtar dímheas, atá comhoiriúnaithe ag amúchadh coibhéise den Chuntas Ciste Caipitil, ar an gcuntas ioncaim agus Caiteachais.

Gearrtar dímheas ar na rátaí bliantúla seo a leanas:-

Trealamh TFC: 33.3% de réir méid chothroim.

Trealamh Eile 20.0% de réir méid chothroim.

### **(4) Cuntas Ciste Caipitil**

Déileáiltear le leithdháilte caipitil ón Roinn Sláinte sa Chuntas Ioncaim Caipitil agus Caiteachais. Is ionann comhardú ar an gcuntas seo agus bharrachas/easnamh ar chistiú do thionscadail a sholáthraíonn an Roinn Sláinte cistiúchán caipitil dóibh.

### **(5) Aoisliúntas**

Ar ordú ón Aire Sláinte, níl aon soláthar déanta maidir leis na sochair atá iníoctha faoi na Scéimeanna Aoisliúntais Rialtais Áitiúil toisc go ndéanann an tAire Sláinte frithghealladh ar an dliteanas. Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar bhail den scéim iad chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais nuair a fhaightear iad. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad. Íoctar an tobhach pinsin leis an Roinn Sláinte.

## An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

### Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

<b>Ioncam</b>	<i>Nótaí</i>	<b>2013</b>	<b>2012</b>
		€	€
Leithdháileadh an Roinn Sláinte		2,766,245	2,848,779
Ioncam Eile	4	692,260	372,550
		<u>3,458,505</u>	<u>3,221,329</u>
Aistriú go Cuntas Ciste Caipitil chun cistiú a dhéanamh ar Shócmhainní Seasta	18	(18,663)	(6,437)
		<u><u>3,439,842</u></u>	<u><u>3,214,892</u></u>
<b>Caiteachas</b>			
Costais Fostaithe	3	825,751	893,984
Costais a Bhaineann leis an bhFoireann	5	80,603	81,055
Costais Chóiríochta agus Forais	6	156,811	152,900
Earcú agus Meáin	7	5,114	8,219
Comhairliúchán agus Táillí Eile Proifisiúnta	8	83,354	109,722
Scrúduithe agus Costais Eile Gaolmhara	9	101,878	114,528
Clódóireacht agus Riarachán Ginearálta	10	183,047	197,817
Faisnéis, Cumarsáid agus Teicneolaíocht	11	122,949	59,188
Costais na Comhairle/an Choiste	12	42,199	48,088
EMS T&F, Tionscadail Speisialta, Deontais	13	1,774,546	1,444,950
Clárchostais	14	76,190	124,227
		<u>3,452,443</u>	<u>3,234,678</u>
<b>Ráiteas ar Ghluaiseacht i mBarrachas Carnach (Easnamh)</b>			
Barrachas (Easnamh) don bhliain		(12,601)	(19,786)
Barrachas (Easnamh) ar an 1 Eanáir 2012		29,814	49,600
Barrachas (Easnamh) ar an 31 Nollaig 2012		<u>17,213</u>	<u>29,814</u>

#### Thar ceann na Comhairle



**Cathaoirleach**  
10ú Iúil 2014



**Ball den Chomhairle**

Tá na polasaithe cuntasáochta agus na nótaí mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



## An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal

### Clár Comhardaithe Ar an 31 NOLLAIG 2013

	<i>Nótaí</i>	<b>2013</b>	<b>2012</b>
		€	€
<b>Sócmhainní Seasta</b>	17	14,742	9,458
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Airgead sa Bhanc		3,956	(4,153)
Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí	16	47,237	63,567
		<b>51,193</b>	<b>59,414</b>
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	15	33,977	29,600
<b>Sócmhainní Glana Reatha</b>			
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha		<b>31,957</b>	<b>39,272</b>
<b>Maoinithe Ag</b>			
Cuntas Ciste Caipitil	18	14,742	9,458
Barrachas (Easnamh) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		(12,600)	(19,786)
Cúlchistí tugtha ar aghaidh		29,815	49,600
		<b>31,957</b>	<b>39,272</b>

#### Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach  
10ú Iúil 2014



Ball den Chomhairle

Tá na polasaithe cuntasáíochta agus na nótaí mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

### 1. Tréimhse an Chuntais

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais seo an bhliain ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2013.

### 2. Riarachán

Sholáthair an Roinn Sláinte cistiúchán díreach don Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO).

### 3. Sonraí ar Fhostaithe agus Luach Saothair

Ba é an líon iomlán foirne a bhí faofa ag an Aire Sláinte ar an 31ú Nollaig 2013 ná ceathrar déag. Ba é an fíorlíon ná 13 buan. Ba iad costais chomhlána na fostaíochta ná:

	2013	2012
	€	€
Tuarastail Foirne (Comhlán)	748,027	773,970
ÁSPC Fostóra	55,505	57,714
Cnapshuim Aoisliúntais	0	44,636
Foireann Shealadach	22,219	17,663
	<b>825,751</b>	<b>893,984</b>

### 4 Ioncam Eile

	2013	2012
	€	€
Táillí Clárúcháin	56,714	58,340
Ioncam Úis	177	919
Táillí Creidiúnaithe agus Scrúdaithe	100,289	129,979
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais	38,713	40,079
Díolachán Lámhleabhar agus DVDanna	0	3,028
Ioncam Teastais	46,132	21,682
Táillí Poist agus Pacáistithe	32	1,717
Treoirínte um Chleachtais Chliniciúla	221	16,263
Ioncam Eile	283	0
Ábhar Céad Fhreagairt Cairdiach	1,290	65,543
Clár Míochaine Iompair (Ospidéal Leanaí Sráid an Teampaill)	448,409	35,000
	<b>692,260</b>	<b>372,550</b>

### 5 Costais a Bhain leis an bhFoireann

	2013	2012
	€	€
Taisteal agus Cothabháil Foirne	55,394	58,018
Oiliúint agus Forbairt Foirne	24,764	22,765
Costais Eile Foirne	446	272

	<b>80,603</b>	<b>81,055</b>
<b>6 Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta</b>	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Cíos & Costais Oifige	120,268	119,133
Leictreachas (Solas & Teas)	12,079	11,535
Cothabháil Ghinearálta	11,146	8,032
Glanadh	4,953	4,561
Lónadóireacht / Soláthar Cistine	8,365	9,639
	<b>156,811</b>	<b>152,900</b>
<b>7 Costais Earcaíochta &amp; na Meáin</b>	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Na Meáin agus Earcaíocht	5,114	8,219
	<b>5,114</b>	<b>8,219</b>
<b>8 Comhairliúchán agus Táillí Eile Proifisiúnta</b>	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Táillí Dí	28,846	15,226
Comhairliúchán agus Táillí Proifisiúnta- Ilghnéitheach	33,047	75,757
Táillí Comhairliúcháin - Airgeadas	9,415	6,733
Iníúchadh Inmheánach	4,526	4,526
Táillí Iníúcháireachta	7,520	7,480
	<b>83,354</b>	<b>109,722</b>
<b>9 Scrúduithe agus Costais Eile Gaolmhara</b>	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Láithreacha an Bhoird Scrúdaithe	13,708	13,356
Anailís Scrúdaithe agus Iasachta	8,835	12,107
Scrúdaitheoirí Seachtracha	79,335	89,065
	<b>101,878</b>	<b>114,528</b>
<b>10 Clódóireacht agus Riarachán Ginearálta</b>	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Stáiseanóireacht	13,115	19,665
Teileafón & Fóin Phóca	26,839	28,414
Postas & Teachtairí	15,531	39,891
Trealamh Oifige	3,034	2313
Clódóireacht / Tuarascálacha Bliantúla / Teastais	65,886	60,394
Árachas	3,971	3,918
Gléasanna Cóipeála/ Conarthaí Seirbhíse etc	17,263	12,022
Seirbhísí Leabharlainne/ Faisnéise	34,051	22,325
Ús agus Táillí Bainc	1,293	1,411
Ballraíocht i gComhlachtaí	2,064	7,464
	<b>183,047</b>	<b>197,817</b>

### 11 Faisnéis, Cumarsáid & Teicneolaíocht

	2013	2012
	€	€
Bogearraí agus Nithe Forimeallacha.	26,341	11,865
Ceadúnais agus Tacaíocht TEC	96,608	47,323
	<b>122,949</b>	<b>59,188</b>

### 12 Costais Chomhairle/Choiste

	2013	2012
	€	€
Baill na Comhairle	13,117	6,119
Gnó na Comhairle	4,880	10,021
Coiste Creidiúnaithe	0	680
Coiste Cúraim Chliniciúil	0	899
Grúpa Comhairleach Míochaine	11,569	10,081
Grúpaí Eile Oibre/Comhairleacha	12,632	20,288
	<b>42,199</b>	<b>48,088</b>

### 13 EMS T&F, Tionscadail Speisialta & Deontais

Déanann an Chomhairle cistiú ar roinnt clár taighde agus feasachta a dhéanann 3ú páirtithe. Déanann an Chomhairle cistiú ar 3ú páirtithe le deontas nó le cois sonrasc maidir le seirbhísí sonracha a sholáthar. Tá na suimeanna a íocadh i 2013 leagtha amach thíos:

Deontais	2013	2012
	€	€
Foras Croí na hÉireann	89,340	91,163
Urraíocht Chomhdhála	26,600	6,003
Tionscadal ACS Ollscoil Luimnigh	140,718	170,000
CISM Coláiste Náisiúnta na hÉireann Má Nuad	0	78,108
Clár um Stad Cairdiach Eis-Ospidéal	25,000	25,000
<b>Deontais iomlána</b>	<b>281,658</b>	<b>370,274</b>

### Sonraisc

	2013	2012
	€	€
Tionscnamh E PCR	81,021	181,758
Cistiúchán Forbartha Ardpharaimhíochaine	757,000	656,028
Tionscadal eFhoghlama	96,759	72,754
Tionscadal Saoránach CPR	0	1,107
Tuarascálacha ar Chúram Cliniciúil á gcur i gCló	67,013	29,864
Clár Aisghabhála	460,305	101,619
Taighde - Forbairt KPI	5,325	17,441
Tionscadail Speisialta Ilghnéitheacha	25,465	14,105
<b>Íocaíochtaí iomlána le cois Sonrasc</b>	<b>1,492,888</b>	<b>1,074,676</b>

### 14 Clár

	2013	2012
	€	€
Riarachán - Cártaí Aitheantais, Ceadúnais etc	15,449	16,086
Éisteacht um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	60,741	108,141
	<b>76,190</b>	<b>124,227</b>

## 15 Creidiúnaithe

Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

	2013	2012
	€	€
Creidiúnaithe Trádála	10,202	4,573
Visa	2,132	673
Fabhruithe	21,643	24,354
	<b>33,977</b>	<b>29,600</b>

## 16 Fiachóirí & Réamhíocaíochtaí

	2013	2012
	€	€
Réamhíocaíochtaí	2,508	54,299
Fiachóirí	44,729	9,268
	<b>47,237</b>	<b>63,567</b>

## 17 Sócmhainní Seasta

	TFC Trealamh	Eile Trealamh	Iomláin
<b>Costas</b>			
Ar an 1 Eanáir 2013	856,476	190,758	1,047,234
Breiseanna sa bhliain	18,663	0	18,663
Sócmhainní curtha de láimh	(770,934)	(109,346)	(880,280)
<b>Ar an 31 Nollaig 2013</b>	<b>104,205</b>	<b>81,412</b>	<b>185,617</b>
<b>Dímheas Carntha</b>			
Ar an 1 Eanáir 2013	847,697	190,079	1,037,776
Muirir don bhliain	12,604	339	12,943
Sócmhainní curtha de láimh	(770,934)	(109,346)	(880,280)
<b>Ar an 31 Nollaig 2013</b>	<b>89,367</b>	<b>81,072</b>	<b>170,439</b>
<b>Glanluach Leabhair</b>			
Ar an 31 Nollaig 2013	14,838	340	15,178
Ar an 31 Nollaig 2012	8,779	3,474	12,253

## 18 Cuntas Ciste Caipitil

	2013
	€
Iarmhéid Tosaigh ar an 1ú Eanáir	9,458
Aistriú go Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Lúide	18,663
Amúchadh ag teacht le dímheas - Nóta 17	(12,943)
Cailliúint ar shócmhainní seasta a chur de láimh	(436)
<b>Iarmhéid Deiridh ar an 31ú Nollaig</b>	<b>14,742</b>

## 19 Táillí agus Costais Ball na Comhairle

	2013	2012
	€	€
Stephen Brady	590	-
Michael Brennan	1,934	719
Dineen Michael	1,742	1,057
Doran Hugh	582	-
Fitzpatrick Patricia	-	149
Gaffney Zelie	-	306
Garry Michael	-	304
Keane Thomas	753	-
Maher David	807	-
McCelland Mary	-	34
Molloy Michael	172	-
Mooney Shane	1,477	-
Mooney Tom	827	440
O'Brien Barry	447	308
O'Donnell Cathal	917	457
O'Malley Frank	-	1,200
Plunkett An tOllamh Patrick	114	-
Small Valerie	719	86
Tinnelly Tom	1,243	205
Touhy Gerry	-	854
Woods Glenna	794	-
	<b>13,117</b>	<b>6,119</b>

## 20 Pacáiste Luach Saothair na Stiúrthóirí don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2013

	2013	2012
	€	€
Buntuarastal Bliantúil - Ráta PO na Státseirbhíse	97,194	103,472
Íocaíocht Stiúrthóra Liachta	16,340	17,416
Pacáiste Iomlán Luach Saothair	<b>113,534</b>	<b>120,888</b>

Ní fhaigheann an Stiúrthóir aon leasa pinsin seachas na teidlíochtaí caighdeánacha faoi na Scéimeanna Aoisliúntais Rialtais Áitiúil agus níor íocadh aon bhónas leis an Stiúrthóir i 2013. Tá an Chomhairle ag feitheamh ar cheadú foirmeálta a lorgaíodh ón Aire maidir leis na téarmaí thuas faoi mar a éilítear faoi IR 109/2000.

## **21 Asbhaint Aoisliúntais**

*don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2013*

Ar an 2ú Meán Fómhair 2011, d'ordaigh an Roinn Sláinte go bhféachfaí ar asbhaint Aoisliúntais mar ioncam ag laghdú dá réir leibhéal cistiúcháin a bheadh ag teastáil ón Státchiste. Cheartaigh agus laghdaigh an Chomhairle an tarraingt anuas airgid thirim de réir €55,505 d'fhonn socrú a dhéanamh an t-ordú seo a chomhlíonadh maidir le hioncam Aoisliúntais.

## **22 Baill na Comhairle – Nochtadh ar Idirbhearta**

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta ag teacht leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh sainleasa ag baill na Comhairle agus déanadh de réir na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Níorbh ann d'aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle ina raibh aon leas ag baill na Comhairle.

## **23 Oibligeáidí Léasa**

*don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2013*

Tá áitreabh oifige na Comhairle i seilbh faoi léas feidhmiúcháin agus cuirtear an cíós bliantúil i leith an chuntais ioncaim agus caiteachais. Is é an seoladh

Teach Móta na Mainistreach,

Sráid na Mainistreach,

An Nás,

Co. Chill Dara

Is é €103,432 atá mar chíos bliantúil

## **24 Tuarascáil Bhliantúil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh - don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013**

Ba é an úsáid fuinnimh ag áitreabh oifige na Comhairle don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2013 ná 72,850 M. Watt.

## **25 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

Rinne an Chomhairle faomhadh ar na Ráitis Airgeadais ar an 10 Iúil 2014.

# Aguisín 1

## Sceideal freastail Bhail na Comhairle

### Freastal ag Cruinniú na Comhairle 2013

Ainm	31ú Ean	14ú Márta	26ú Aib	115ú Meith	13ú Iúil	12ú Meán Fomh	10ú Deireadh	14ú Samh	12ú Noll
Tom Mooney (Cathaoirleach)	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá
Stephen Brady	Tá	Tá	Tá	Níl	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá
Michael Brennan	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá
Michael Dineen	Tá	Tá	Tá	Tá	Níl	Tá	Tá	Níl	Tá
Hugh Doran	NA	Tá	Níl	Níl	Tá	Níl	Níl	Níl	Tá
Martin Dunne*	NA	NA	NA	NA	NA	NA	NA	NA	Níl
Thomas Keane	NA	Tá	Níl	Níl	Tá	Tá	Níl	Tá	Tá
Robert Kidd	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Níl	Níl	Níl	Níl
David Maher	Tá	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá
Shane Mooney	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá
Mick Molloy	Tá	Tá	Níl	Tá	Tá	Níl	Níl	Tá	Níl
Robert Morton*	Níl	Tá	Tá	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl
Barry O' Brien	Níl	Níl	Tá	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Níl
Cathal O' Donnell	Tá	Tá	Tá	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Níl
Patrick Plunkett	Tá	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá
Valerie Small	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Níl	Tá	Tá	Tá
Tom Tinnelly	Tá	Tá	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá
Glenna Woods	NA	Tá	Tá	Tá	Níl	Tá	Tá	Níl	Tá

\*Nóta: Tháinig Robert Morton i gcomharbacht ar Martin Dunne ar an 26ú Samhain 2013